## DÉAN TEAGMHÁIL LINN

Is féidir leat coinneáil ar an eolas maidir leis an tionscadal ar ár suíomh gréasáin, áit a mbeidh muid ag postáil uasdátuithe maidir le dul chun cinn agus sonraí faoi oibreacha atá ar siúl. Le haghaidh tuilleadh fiosrúchán, ná bíodh leisce ort teagmháil a dhéanamh linn trí ríomhphost nó litir a sheoladh chuig:

**Bainisteoir Tionscadail SCT NA nGLEANNTACH**

**Oifig an Tionscadail:** Tetra Tech, The Enterprise Fund Business Centre, Baile Raithin, Leitir Ceanainn, Co Dhún na nGall, F92 AF43.

**Ríomhphost:** GlentiesFRS@tetratech.com

## NAISC ÁBHARTHA

**Suíomh Gréasáin:** **https://countydonegalfrs.ie/glentiesfrs/**

COUNTY DONEGAL
FLOOD RELIEF SCHEMES

Tionscadal Éireann
Project Ireland
2040

OPW
Oifig na nOibreacha Poiblí
Office of Public Works

# NA GLEANNTA

## Scéim Cosanta Tuilte

Nuachtlitir Uimh.19
Meitheamh 2026

**https://countydonegalfrs.ie/glentiesfrs**





## CÉN STAID AG A BHFUIL AN TIONSCADAL?

Níor aithin tuarascálacha Anailíse agus Forbartha na Scéime scéim cosanta tuilte 'innealtóireacht chrua' atá inghlactha go teicniúil, go sóisialta, ó thaobh na timpeallachta de agus go heacnamaíoch do na Gleannta.

## STAIDÉAR PÍOLÓTACH AR RÉITIGH NÁDÚRBHUNAITHE (NBS)


Shainaithin an Staidéar Píolótach ar Réitigh Nádúrbhunaithe (NBS) le haghaidh Bainistíocht Dobharcheantair treoirphlean chun NBS a chur i bhfeidhm ar fud dobharcheantar Abhainn Shrath Chaisil. Aithníodh i measc raon sochar comhshaoil agus sóisialta, go dtiocfadh leis seo riosca tuilte a laghdú.

Tá an Fhoireann Tionscadail i mbun plé le Coillte chun tograí réitigh nádúrbhunaithe a fhorbairt laistigh de thalamh Choillte sa dóigh is gur féidir iad sin a thabhairt chun cinn mar bhearta ardleibhéil laistigh den abhantrach.

## LÁ EOLAIS DON PHOBAL


Tá sé beartaithe lá eolais don phobal a reáchtáil in 2026 chun an pobal a chur ar an eolas faoi thorthaí anailíse Chéim I agus chun plé a dhéanamh ar an fhéidearthacht go gcuirfí tionscadal nádúrbhunaithe i bhfeidhm in abhantrach Shrath Chaisil. Beidh an Fhoireann Tionscadail ag iarraidh an tacaíocht do thionscadal nádúrbhunaithe in abhantrach Shrath Chaisil a thomhas, rud a bheidh ríthábhachtach dá chur i bhfeidhm.

Tá an Fhoireann Tionscadail i mbun plé le páirtithe leasmhara tábhachtacha agus le Comhaltaí Tofa sula dtéann siad ar aghaidh chuig lá eolais don phobal.




*Léarscáil Deiseanna Cruthaithe Coillearnaí do Dhobharcheantar Shrath Chaisil*

## IMLÍNE AN CHLÁIR




*Tá na hamlínte atá curtha ar fáil mar an meastachán is fearr ag an bhomaite, ach tá siad faoi réir athbhreithnithe.*